Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Conas mar a thoghtar Comhaltaí d'Údaráis Áitiúla

Ullmhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

gov.ie/housing

1. Struchtúr agus comhaltas na n-údarás áitiúil ........ 3
2. Incháilitheacht le haghaidh tofa ........ 3
3. Cé ar féidir leo vótáil ag toghchán áitiúil? ........ 5
4. Clár na dToghthóirí ........ 5
5. Socruithe vótála malartacha ........ 6
   5.1 Liosta Postvótálaithe ........ 6
   5.2 Liosta Vótálaithe Speisialta ........ 8
6. Cathain a bhíonn toghcháin áitiúla ar siúl? ........ 9
7. Conas a eagraítear an toghchán? ........ 9
8. Ainmniúchán na n-iarrthóirí ........ 10
9. An Vótáil ........ 11
10. Vótáil ........ 11
11. An Comhaireamh ........ 13
12. Torthaí an toghcháin ........ 15
13. Achainí don chúirt ........ 16
14. Cathaoirleach/Méara ........ 16
15. Corrfholúntais ........ 16
16. Caiteachas & Síntiúis ........ 16
17. Dlí Toghcháin Áitiúil ........ 18
18. Bileoga Eile ........ 19

# 1. Struchtúr agus comhaltas na n-údarás áitiúil

Tar éis toghcháin áitiúla 2019 tá 31 údarás áitiúla in Éirinn agus 949 ball tofa acu mar a leanas:

| | 31 Údaráis Áitiúla | 949 Baill |
|---|---|---|
| Comhairlí Contae | 26 | 765 |
| Comhairlí Cathrach | 3 | 112 |
| Comhairlí Contae agus Cathrach | 2 | 72 |

Is iad **Comhairlí Contae** atá freagrach as rialtas áitiúil in 26 ceantar riaracháin (a chlúdaíonn 24 contae geografach lena n-áirítear contae Bhaile Átha Cliath a roinntear ina thrí chontae riaracháin).

Is iad **Comhairlí Cathrach** atá freagrach as rialtas áitiúil i gcathair Bhaile Átha Cliath, cathair Chorcaí agus cathair na Gaillimhe.

Is iad **Comhairlí Cathrach agus Contae** atá freagrach as rialtas áitiúil i limistéir chathrach agus chontae in éineacht a chéile i Luimneach agus Port Láirge.

# 2. Incháilitheacht le haghaidh tofa

Gach duine ar saoránach de chuid na hÉireann iad nó atá ina ngnáthchónaí sa Stát agus a bhfuil 18 mbliana d'aois sroichte acu agus nach bhfuil faoi réir aon cheann de na dícháilíochtaí seo a leanas, tá siad incháilithe le haghaidh tofa nó comhthofa chuig agus ballraíochta in údarás áitiúil:

**Dícháilíochtaí**

- comhalta de Choimisiún na gComhphobal Eorpach;

- comhalta de Pharlaimint na hEorpa;
- Breitheamh, Abhcóide Ginearálta nó Cláraitheoir de Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach;
- comhalta de Chúirt Iniúchóirí na gComhphobal Eorpach;
- comhalta de Dháil Éireann nó Seanad Éireann;
- Breitheamh nó an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste arna cheapadh faoin mBunreacht;
- comhalta den Gharda Síochána nó comhalta lánaimseartha de na Fórsaí Cosanta;
- státseirbhíseach nach bhfuil cead sonrach acu de réir téarmaí conartha a bheith ina gcomhalta d'údarás áitiúil;
- duine atá fostaithe ag údarás áitiúil agus nach bhfuil faoi aicme, cuntas ná grád fostaíochta arna ainmniú le hordú faoi *alt 161(1)(b) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001*;
- duine atá fostaithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus atá ag grád fostaíochta nó atá ag cuntas fostaíochta arna ainmniú le hordú ón Aire Sláinte agus Leanaí;
- duine a bhfuil tréimhse príosúnachta á chur isteach acu ar feadh aon téarma níos faide ná sé mhí a gearradh ag cúirt dlínse inniúla sa Stát;
- duine a dteipeann orthu cloí le breithiúnas, ordú nó forógra deiridh ó chúirt dlínse inniúla chun airgead atá dlite d'údarás áitiúil a íoc;
- duine a dteipeann orthu cloí le breithiúnas, ordú nó forógra deiridh ó chúirt dlínse inniúla chun airgead atá dlite d'údarás áitiúil a íoc;
- duine a chiontaítear i gcion, nó a deimhníodh cion ar achomharc ina gcoinne, maidir le haon cheann de na nithe seo a leanas –

(i) déileálacha calaoiseacha nó mímhacánta a chuir isteach ar údarás áitiúil,
(ii) cleachtas éillitheach,
(iii) ag gníomhú agus iad dícháilithe.

## 3. Cé ar féidir leo vótáil ag toghchán áitiúil?

Tá os cionn 3.5 milliún toghthóir rialtais áitiúil ann. Go hiondúil, tá gach duine atá os cionn 18 mbliana d'aois i dteideal a bheith cláraithe mar thoghthóir rialtais áitiúil don cheantar toghcháin ina gcónaíonn an duine de ghnáth. Ní ceanglas é saoránacht le haghaidh vótála i dtoghchán áitiúil. Freastalaíonn daoine ar a stáisiún vótála áitiúil ar an lá vótála de ghnáth chun a vóta a chaitheamh

## 4. Clár na dToghthóirí

Déanann údaráis áitiúla (comhairlí contae, comhairlí cathrach agus comhairlí cathrach agus contae ina ról mar údaráis áitiúla faoi na hachtanna toghcháin) Clár na dToghthóirí a chothabháil ar bhonn leanúnach. Is é an ról atá acu ná sonraí a chur leis, a bhaint de nó a nuashonrú de réir mar is gá chun clár toghthóirí iomlán cruinn a chinntiú. Tá dualgas ar na húdaráis chlárúcháin freisin an clár atá i bhfeidhm a fhoilsiú roimh aon imeacht toghchánach. Tá gach duine ar an gclár i dteideal vóta a chaitheamh ag toghchán áitiúil. Ní féidir le daoine a aithnítear leis an litir "L" os comhair a n-ainmneacha vótáil ach ag toghchán áitiúil amháin.

I gcás daoine atá i dteideal vótáil ag toghcháin áitiúla nach bhfuil ar an gclár nó a bhfuil a sonraí i ndáil lena gclárúchán as dáta, féadfaidh siad clárú nó sonraí a nuashonrú go díreach leis an údarás clárúcháin san áit ina bhfuil gnáthchónaí orthu trí fhoirm a chur isteach nó ar líne ag www.checktheregister.ie. Ní mór iarratas ar shonraí a chlárú nó a nuashonrú sa chlár a bheith faighte 15 lá ar a laghad roimh lá na vótála, (gan Domhnach, Aoine an Chéasta agus Laethanta Saoire Poiblí a áireamh) chun go mbreithneofar é don toghchán áitiúil sin. Tá dátaí deiridh difriúla ann d'iarratais phoist agus iarratais vótála speisialta - féach ar alt 5.1 agus 5.2 thíos. Ní bhreithneofar iarratas a fhaightear ar nó tar éis an 14ú lá roimh lá na vótála go dtí tar éis lá na vótála.

Sa chás nach féidir iarratas a chomhlánú ar líne, nó i gcás inar fearr le duine foirm pháipéir a chur isteach, is féidir na foirmeacha ábhartha a íoslódáil ag www.checktheregister.ie nó a iarraidh ar an údarás clárúcháin.

Sa chás go bhfuil duine ina chónaí nó ina cónaí i mBaile Átha Cliath agus go bhfuil MyGovID fíoraithe aige/aici, is féidir leo dul i dteagmháil lena n-údarás clárúcháin freisin trí [www.voter.ie](http://www.voter.ie).

Déanfaidh an t-údarás clárúcháin iomchuí gach iarratas ar chlárú nó ar shonraí a thabhairt cothrom le dáta a bhreithniú agus a chinneadh a luaithe is indéanta, agus i gcás ina ndiúltófar d'iarratas, cuirfear na cúiseanna atá leis sin in iúl don duine agus sonrófar aon chearta maidir le hachomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig an gcláraitheoir contae.'.

Is féidir le toghthóir achomharc a dhéanamh i gcoinne chinntí údarás clárúcháin chuig an gcláraitheoir contae. De ghnáth, ní mór achomharc a dhéanamh laistigh de 4 seachtaine ó dháta chinneadh an údaráis chlárúcháin, ach sa chás go bhfuil lá vótála socraithe, athraíonn sé seo. A luaithe is féidir tar éis an dáta le haghaidh ócáid toghcháin a shocrú, ceanglaítear ar an gCláraitheoir Contae fógra poiblí a thabhairt i dtaobh na ndátaí deireanacha chun achomharc a fháil maidir leis an imeacht toghcháin áirithe sin, i gcás postvótála nó vótála speisialta, ní bheidh sé sin níos lú ná 2 lá níos déanaí ná an lá deireanach chun iarratas a dhéanamh.

Is féidir tuilleadh eolais maidir le clár na dtoghthóirí a fháil ar bhileog ar leith, "Clár na dToghthóirí", atá ar fáil sa tsraith seo ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.gov.ie/housing).

# 5. Socruithe vótála malartacha

Go ginearálta, vótálann toghthóirí go pearsanta ar an láthair ina stáisiún vótála áitiúil, i gcúinsí áirithe áfach, tá na socruithe vótála malartacha seo a leanas ar fáil.

## 5.1 Liosta Postvótálaithe

Ullmhaíonn agus coinníonn údaráis chlárúcháin liosta postvótálaithe mar chuid de chlár na dtoghthóirí. Tá roinnt eolas, doiciméadacht nó deimhniúcháin bhreise ag teastáil in iarratais vóta poist - tá difear idir na riachtanais a bhraitheann ar an gcúis don iarratas agus leagtar amach san fhoirm iarratais ábhartha iad.

Maidir leis na daoine sna catagóirí seo a leanas **ní mór dóibh a bheith cláraithe** mar phostvótálaithe:

- baill lánaimseartha d'Óglaigh na hÉireann - féadfaidh baill a bhfuil cónaí air/uirthi sna beairicí míleata a bheith cláraithe sna beairicí nó ag a seoladh baile; agus
- taidhleoirí Éireannacha postaithe thar lear agus a gcéilithe/páirtithe sibhialta - cláraítear ag a seoladh baile in Éirinn iad.

**Féadfaidh** na catagóirí daoine seo a leanas iarratas ar chlárú mar phostvótálaí a dhéanamh:

- baill den Gharda Síochána (fórsa póilíneachta);
- daoine a bhfuil cónaí orthu sa bhaile agus nach bhfuil in ann dul chuig ionad vótaíochta chun vóta a chaitheamh de dheasca breoiteachta nó míchumais;
- daoine ar dócha go gcoiscfidh a ngairmeacha iad ó vótáil ag a stáisiún vótaíochta áitiúil lá toghcháin, lena n-áirítear mic léinn lánaimseartha atá cláraithe sa bhaile agus atá ina gcónaí in áit eile agus iad ag freastal ar fhoras oideachais sa Stát (faoin socrú seo, cuirtear páipéar ballóide chuig an toghthóir sa bhaile agus caithfidh seisean socrú a dhéanamh go ndéanfaidh Garda a dhearbhú céannachta a fhianú sula marcálfaidh sé an páipéar ballóide agus sula gcuirfear ar ais é leis an bpost chuig an gceann comhairimh.);
- toghthóirí nach féidir leo vóta a chaitheamh ag a n-ionad vótaíochta de dheasca imthosca bainteach lena dtréimhse choinneála i bpríosún de bhun ordú de chuid na cúirte;
- roinnt baill foirne an toghcháin fostaithe ag ionad vótaíochta lasmuigh den toghcheantar ina bhfuil cónaí orthu; agus
- I gcás go bhfuil duine buartha faoina s(h)ábhháilteacht nó faoi shábhháilteacht duine dá t(h)each dá bhfoilseofaí a (h)ainm agus a s(h)eoladh baile, féadfaidh iarratas a dhéanamh le bheith mar thoghthóir anaithnid - ní féidir na toghthóirí sin ach vóta a chaitheamh tríd an bpost.

Is féidir iarratas a dhéanamh le bheith ar liosta na bpostvótálaithe tráth ar bith nuair atá an toghthóir incháilithe le haghaidh iontráil ar liosta na bpostvótálaithe, ach is é an dáta is déanaí chun iarratais ar phostvótáil a fháil maidir le hócáid toghcháin ar leith ná -

- dhá lá tar éis dáta lánscor na Dála i gcás olltoghcháin;
- dhá lá tar éis a dhéantar an t-ordú maidir le lá na vótaíochta i gcás corrthoghcháin;
- i gcás toghcháin Uachtaráin, Eorpaigh nó áitiúil nó Reifreann, ní mór iarratas a bheith faighte ag an údarás clárúcháin ar a laghad dhá lá agus fiche roimh lá na

vótaíochta (gan an Domhnach, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Phoiblí san áireamh).

I gcás ina bhfaighfear iarratas tar éis an ama sin, ní bheidh aon éifeacht aige don imeacht toghcháin sin.

A luaithe is féidir tar éis an dáta le haghaidh ócáid toghcháin a shocrú, socróidh an Cláraitheoir Contae na dátaí deireanacha chun achomharc a fháil maidir leis an imeacht toghcháin áirithe sin, i gcás vótaí poist, ní bheidh sé sin níos lú ná 2 lá níos déanaí ná an lá deireanach chun iarratas a dhéanamh.

Ní fhéadfaidh toghthóir atá cláraithe mar phostvótálaí vóta chaitheamh ach leis an bpost amháin agus ní san ionad vótaíochta.

## 5.2 Liosta Vótálaithe Speisialta

Ullmhaíonn údaráis chlárúcháin liosta vótálaithe speisialta freisin ina bhfuil toghthóirí a bhfuil tinneas nó míchumas orthu agus a chuireann cosc orthu dul chuig stáisiún vótála chun vóta a chaitheamh agus atá ina gcónaí in ospidéil, i dtithe altranais, i saoráidí meabhairshláinte nó in institiúidí dá samhail ar mian leo vóta a chaitheamh sna háiteanna sin. I gcás an chéad iarratais, ní mór deimhniú ó liachleachtóir cláraithe (amhail dochtúir ginearálta) a bheith ag gabháil leis.

Is féidir iarratas a dhéanamh tráth ar bith nuair atá an toghthóir incháilithe le bheith ar an liosta de vótálaithe speisialta, ach is é an dáta is déanaí chun iarratais ar vóta speisialta a fháil i leith ócáid toghcháin ar leith ná –

- dhá lá tar éis dáta lánscor na Dála i gcás olltoghcháin;
- dhá lá tar éis a dhéantar an t-ordú maidir le lá na vótaíochta i gcás corrthoghcháin;
- i gcás toghcháin Uachtaráin, Eorpaigh nó áitiúil nó Reifreann, ní mór iarratas a bheith faighte ag an údarás clárúcháin ar a laghad dhá lá agus fiche roimh lá na vótaíochta (gan an Domhnach, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Phoiblí san áireamh).

I gcás ina bhfaighfear iarratas tar éis an ama sin, ní bheidh aon éifeacht aige don imeacht toghcháin sin.

A luaithe is féidir tar éis an dáta le haghaidh ócáid toghcháin a shocrú, socróidh an Cláraitheoir Contae na dátaí deireanacha chun achomharc a fháil maidir leis an

imeacht toghcháin áirithe sin, i gcás vótaí speisialta, ní bheidh sé sin níos lú ná 2 lá níos déanaí ná an lá deireanach chun iarratas a dhéanamh.

Sa chás eisceachtúil nach bhfuil rochtain ag an oifigeach ceannais speisialta ar ospidéal, teach altranais nó institiúid chomhchosúil an vótálaí speisialta, féadfaidh an ceann comhairimh nósanna imeachta vótála speisialta a chur i bhfeidhm, mar shampla postvótáil a eisiúint chuig na vótálaithe speisialta atá i gceist.

Féadfar toghthóirí a bhfuil míchumais fhisiciúla agus a bhfuil deacracht acu rochtain a fháil ar a stáisiún vótála a údarú le vóta a chaitheamh ag stáisiún atá níos inrochtana sa dáilcheantar.

## 6. Cathain a bhíonn toghcháin áitiúla ar siúl?

Bíonn toghchán áitiúil ann gach cúig bliana i mí Bealtaine nó mí an Mheithimh go ginearálta. Socraítear an lá vótála ceart, atá mar an gcéanna i ngach ceantar, le hordú ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Socraíonn an tAire an tréimhse vótála freisin ar gá di maireachtáil ar feadh dhá uair an chloig déag ar a laghad idir 7.00 a.m. agus 10.30 p.m.

## 7. Conas a eagraítear an toghchán?

Is é ceann comhairimh an údaráis áitiúil atá freagrach as riaradh an toghcháin i ngach údarás áitiúil. Íocann na húdaráis áitiúla as an gcostas a bhaineann leis an toghchán a reáchtáil.

Roinntear údaráis áitiúla in dhá cheantar údaráis toghcháin nó níos mó agus bíonn toghchán ann i ndáil le gach ceantar toghcháin áitiúil le haghaidh líon na gcomhaltaí comhairle atá sannaithe don cheantar sin. Bhí toghcháin ann i ndáil le 166 ceantar údaráis áitiúil in 2019.

## 8. Ainmniúchán na n-iarrthóirí

Tarlaíonn an tréimhse (seachtain) chun iarrthóirí a ainmniú le seasamh i dtoghchán áitiúil ceithre seachtaine roimh lá na vótála. Féadfaidh duine é/í féin a ainmniú nó féadfaidh toghthóir rialtais áitiúil atá cláraithe sa cheantar lena mbaineann iad a ainmniú. Féadfar duine a ainmniú le seasamh i níos mó ná ceantar amháin. Ní mór go mbeadh deimhniú cleamhnachta polaitíochta ceangailte leis an bhfoirm ainmniúcháin ó iarrthóir do pháirtí polaitíochta cláraithe. Mura bhfuil deimhniú ceangailte léi, ní mór ceann de na nósanna imeachta seo a leanas nó níos mó a chomhlíonadh sula dtéann an t-am chun ainmniúcháin a fháil in éag:

- dearbhuithe reachtúla arna gcríochnú ag 15 aontachtóirí atá cláraithe mar thoghthóirí áitiúla sa cheantar toghcháin lena mbaineann ar gá iad a bheith fianaithe ag Coimisinéir Mionnaí, Feidhmeannach Síochána, Nótaire Poiblí, comhalta den Gharda Síochána nó oifigeach den údarás clárúcháin,

nó

- éarlais €100 a thaisceadh ag an iarrthóir, nó duine thar a c(h)eann, leis an gceann comhairimh ábhartha.

Féadfaidh iarrthóir cleamhnacht páirtí a chur san áireamh ar an bpáipéar ainmniúcháin. Mura bhfuil aon chleamhnacht páirtí ag iarrthóir, féadfar cur síos ar an duine mar "Gan Pháirtí" nó féadfar an spás iomchuí a fhágáil folamh.

Tá an t-iarrthóir nó an moltóir freagrach as a chinntiú go seachadtar an páipéar ainmniúcháin críochnaithe chuig an gceann comhairimh roimh an am dúnta chun ainmniúcháin ag an toghchán a fháil.

Ní mór don cheann comhairimh breithiúnas a thabhairt ar bhailíocht páipéir ainmniúcháin laistigh d'uair an chloig óna thíolacadh agus féadfaidh sé/sí breithiúnas a thabhairt go bhfuil sé neamhbhailí más rud é:

- nach bhfuil páipéar ainmniúcháin aon iarrthóra déanta amach nó sínithe i gceart; nó
- i gcás páipéar ainmniúchán iarrthóra nach comhalta de pháirtí polaitíochta iad agus a bhfuil sé roghnaithe acu a bheith ainmnithe trí aontachtóirí, nach n-aontaítear leis an ainmniúchán sa bhealach is gá.

## 9. An Vótáil

Féadfaidh an t-údarás áitiúil a chinneadh cártaí faisnéise vótála a eisiúint nó gan a eisiúint do gach toghthóir. Léirítear dáta na vótála, am na vótála, uimhir an toghthóra ar an gclár agus an stáisiún vótála ag a bhféadfaidh an toghthóir vótáil ar an gcárta sin. Seolann an ceann comhairimh páipéar ballóide sa phost chuig gach vótálaí poist agus eagraíonn sé/sí go dtabharfar páipéir ballóide chuig toghthóirí a bhfuil tinneas nó míchumas orthu atá cláraithe leis an liosta vótála speisialta, féach ar alt 5.2 thuas le haghaidh tuilleadh eolais.

Ceapann comhairlí contae/comhairlí cathrach/comhairlí cathrach agus contae na hionaid vótála. Cuireann an ceann comhairimh stáisiúin vótála ar fáil ag gach ionad vótála. Úsáidtear scoileanna nó foirgnimh phoiblí eile de ghnáth. Bíonn oifigeach ceannais i mbun maoirseachta ag gach stáisiún vótála ar lá na vótála agus cabhair á fáil acu ag cléireach vótála. Féadfaidh gníomhaire a chabhraíonn le cosc a chur ar chionta toghcháin ionadaíocht a dhéanamh ar iarrthóir ag stáisiún vótála.

## 10. Vótáil

Déantar an vótáil ag toghcháin áitiúla iomaidh ag baint úsáid as córas PR-STV (ionadaíocht chionmhar agus ar mhodh an aon-vóta inaistrithe).

Ar lá na vótála, cuireann an toghthóir isteach ar pháipéar ballóide sa stáisiún vótála trína (h)ainm agus seoladh baile a lua. D'fhéadfaí go mbeadh ar an iarrthóir fianaise aitheantais a thabhairt agus, má theipeann orthu é sin a dhéanamh, ní bheidh cead acu vóta a chaitheamh.

Glacfar leis na doiciméid seo a leanas chun críocha aitheantais:

(i) pas;

(ii) ceadúnas tiomána;

(iii) cárta aitheantais fostaí ar a bhfuil grianghraf;

(iv) cárta aitheantais mac léinn arna eisiúint ag institiúid oideachais agus ar a bhfuil grianghraf;

(v) doiciméad taistil ar a bhfuil d'ainm agus grianghraf;

(vi) leabhar Bainc nó Coigiltis nó Comhair Creidmheasa ar a bhfuil seoladh sa dáilcheantar;

(vii) Cárta Seirbhísí Poiblí;

(viii) Deimhniú um Chónaí Sealadach;

(ix) Cárta Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce;

(x) Cead Cónaithe Éireannach;

nó na nithe seo a leanas in éineacht le doiciméad breise a dheimhníonn seoladh an tsealbhóra sa toghcheantar

(xi) seicleabhar;

(xii) seic-chárta;

(xiii) cárta creidmheasa;

(xiv) teastas breithe;

(xv) deimhniú pósta.

I gcás go bhfuil an t-oifigeach ceannais sásta maidir le céannacht an toghthóra, stampáiltear páipéar ballóide le marc oifigiúil agus tugtar don toghthóir é.

Caitheann an toghthóir a vóta faoi rún in urrann vótála. Léirítear ainmneacha na n-iarrthóirí in ord aibítre ar an bpáipéir ballóide, in éineacht lena ngrianghraf, cleamhnacht polaitíochta agus suaitheantas an pháirtí, más ann. Léiríonn an vótálaí ord a rogha trí 1 a scríobh trasna ó ainm a c(h)éad rogha, 2 trasna ó ainm a d(h)ara rogha, 3 trasna ó ainm a t(h)ríú rogha agus mar sin de. Ar an tslí sin, cuireann an vótálaí in iúl don cheann comhairimh a vóta a aistriú chuig iarrthóir a d(h)ara rogha má thoghtar an chéad rogha nó má dhíbrítear iad. Má bhaineann an scéal céanna leis an dara rogha, féadfar an vóta a aistriú chuig an tríú rogha agus mar sin de. Filleann an vótálaí an páipéar ballóide chun an tslí a marcáladh é a cheilt agus cuireann sé/sí isteach i mbosca ballóide atá dúnta go daingean é. Ní féidir le duine vótáil ach aon uair amháin ag an toghchán.

Féadfaidh an t-oifigeach ceannais nó compánach cabhair a thabhairt do dhaoine a bhfuil lagú radhairc nó míchumas fisiciúil orthu nó duine a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu. Is féidir le daoine le lagú amhairc úsáid a bhaint as Teimpléad Páipéir Ballóide chun a vóta a chaitheamh (ar fáil i ngach stáisiún vótála). Is gléasanna iad seo

gur féidir a cheangal le páipéar ballóide chun a chur ar chumas vótálaithe lagamhairc vótáil go rúnda. Oibríonn Teimpléad an Pháipéir Ballóide i gcomhar le huimhir Shaorghlao 1800 a chuireann an t-éisteoir ar an eolas maidir leis na hiarrthóirí san ord a fhreagraíonn do na huimhreacha ar Theimpléad an Pháipéir Ballóide. Cuirtear an uimhir Saorghlao ar fáil do vótálaithe a bhfuil sé ar intinn acu an teimpléad a úsáid chomh luath agus is féidir tar éis dóibh ainmniúcháin iarrthóra toghcháin a fháil. Fanann an uimhir gníomhach go dtí lá na vótála agus an lá sin san áireamh.

Féadfaidh an t-oifigeach ceannais gabháil aon duine a bhfuil drochamhras ann gur rinneadar cion toghcháin a ordú.

## 11. An Comhaireamh

**Socruithe comhairimh:**

Tugtar gach bosca ballóide chuig ionad comhairimh lárnach do gach údarás áitiúil. Ligtear do ghníomhairí na n-iarrthóirí freastal ar ionad comhairimh chun maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas an chomhairimh. Sula dtosaíonn comhaireamh na vótaí, osclaítear na clúdaigh ina bhfuil na páipéir bhallóide poist agus páipéir bhallóide na vótálaithe speisialta agus gníomhairí na n-iarrthóirí i láthair agus déantar ceangal idir na páipéir bhallóide eile leis an údarás áitiúil.

Tosaíonn an comhaireamh ag 9 a.m. ar an lá tar éis lá na vótála. Osclaítear gach bosca ballóide agus seiceáiltear líon na bpáipéar ballóide i gcoinne tuairisc a sholáthraíonn gach oifigeach ceannais. Measctar go maith ansin iad agus sórtáiltear iad i gcomhréir leis na chéad roghanna do gach iarrthóir, agus páipéir neamhbhailí á ndiúltú.

**Cuóta:**

Is é atá sa chuóta ná an t-íoslíon vótaí is gá a fháil chun toghadh an iarrthóra a chinntiú. Cinntítear é trí líon iomlán na bpáipéar ballóide bailí a roinnt ar cheann amháin níos mó ná líon na suíochán atá le líonadh agus vóta amháin a chur leis an

toradh. Dá réir sin, dá mbeadh 40,000 páipéar bailí ann agus 4 shuíochán le líonadh, 8,001 a bheadh sa chuóta. Feicfear sa sampla seo nach bhféadfadh ach ceathrar iarrthóir (an líon atá le tofa) an cuóta a bhaint amach.

**Aistriú Barrachais:**

Ag deireadh an chéad chomhairimh, measfar go bhfuil aon iarrthóir a bhfuil líon vótaí comhionann le nó níos mó ná an cuóta tofa. Má fhaigheann iarrthóir níos mó ná an cuóta, aistrítear an barrachas vótaí go comhréireach chuig na hiarrthóirí atá fágtha sa tslí seo a leanas. Más vótaí céadrogha uile iad vótaí an iarrthóra, sórtáiltear a p(h)áipéir bhallóide i mbearta ar leith i gcomhréir leis an gcéad rogha eile a léirítear orthu. Déantar beart ar leith as na páipéir nach féidir a aistriú (páipéir nach bhfuil rogha shuntasach éifeachtach léirithe orthu). Má tá an barrachas comhionann le nó níos mó ná líon na vótaí inaistrithe, gheobhaidh gach iarrthóir atá fágtha na vótaí ar fad ó bheart iomchuí na bpáipéar inaistrithe. Má tá an barrachas níos lú ná líon na bpáipéar inaistrithe, gheobhaidh gach iarrthóir atá fágtha líon vótaí a ríomhtar mar seo a leanas ó bheart iomchuí na bpáipéar inaistrithe: -

$$\frac{\text{Barrachas x líon na bpáipéar i mbeart}}{\text{Líon iomlán na bpáipéar inaistrithe}}$$

Má eascraíonn barrachas as na páipéir aistrithe, ní scrúdaítear ach na páipéir sa bheart a aistríodh go deireanach chuig an iarrthóir agus déileáiltear leis an mbeart sin ar an mbealach céanna ansin mar bharrachas ina bhfuil vótaí céadrogha. Má sháraíonn beirt iarrthóirí nó níos mó an cuóta, dáiltear an barrachas mór ar dtús.

**Díbirt Iarrthóra:**

Mura bhfuil barrachas ag aon iarrthóir nó mura bhfuil an barrachas dóthanach chun duine de na hiarrthóirí atá fágtha a thoghadh nó dá gcuirfí isteach ar dhul chun cinn an chomhairimh, díbrítear an t-iarrthóir is ísle atá fágtha agus aistrítear a p(h)áipéir chuig

na hiarrthóirí atá fágtha de réir an chéad rogha eile a léirítear orthu. Má tá an páipéar ballóide le haistriú agus is d'iarrthóir a toghadh nó a díbríodh cheana féin é an dara rogha, téann an vóta ar aghaidh chuig an tríú rogha agus mar sin de.

**Críoch an Chomhairimh:**

Leanann comhaireamh ar aghaidh go dtí go líontar gach suíochán. Más ionann an méid suíochán atá le líonadh agus líon na n-iarrthóirí atá fós san iomaíocht, fógraítear go bhfuil na hiarrthóirí sin atá fágtha tofa gan an cuóta a bheith bainte amach acu.

**Athchomhaireamh:**

Féadfaidh ceann comhairimh na páipéir ar fad nó aon cheann de na páipéir a athchomhaireamh ag aon chéim de chomhaireamh. Tá iarrthóir nó gníomhaire toghcháin iarrthóra i dteideal athchomhaireamh páipéar a déileáladh leo ag comhaireamh ar leith a iarraidh nó féadfar a iarraidh go ndéanfaí athchomhaireamh críochnaithe amháin de na bearta páipéar ballóide ar fad. Agus an t-athchomhaireamh á dhéanamh, níor cheart cur isteach ar ord na bpáipéar. Nuair a aimsítear earráid shuntasach, ní mór na páipéir a chomhaireamh as an nua ón bpointe ag a tharla an earráid.

## 12. Torthaí an toghcháin

Nuair a chríochnaítear an comhaireamh, fógraíonn an ceann comhairimh agus tugann sé/sí fógra poiblí de thorthaí an toghcháin agus seolann sé/sí ainmneacha na gcomhaltaí tofa chuig an údarás áitiúil lena mbaineann.

Má toghadh iarrthóir mar chomhalta i níos mó ná ceantar toghcháin amháin, ní mór dóibh, laistigh de thrí lá ó fhógra poiblí na dtorthaí, an ceantar ar mhaith leo ionadaíocht a dhéanamh air a fhógairt i scríbhinn. Déileáiltear le folúntais iarmhartacha mar chorrfholúntais.

## 13. Achainí don chúirt

Féadfaidh aon duine atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn toradh toghcháin áitiúil a cheistiú le hachainí sa Chúirt Chuarda laistigh de 28 lá ó fhógairt na dtorthaí. Féadfar an toghchán a cheistiú ar na forais go bhfuil easpa cáilíochta ann, bacainn nó cur isteach nó constaic eile ar riaradh an toghcháin, nó botún nó neamhrialtacht eile i láthair. Ní mór don Chúirt Chuarda, ag triail achainí toghcháin, toradh ceart an toghcháin a chinneadh agus, chun na críche sin, féadfaidh sí a ordú go n-athchomhairfí na vótaí. Féadfaidh an Chúirt a fhógairt go bhfuil an toghchán ar fad nó cuid de ar neamhní agus, sa chás sin, beidh toghchán nua ann chun na suíocháin fholmha a líonadh.

## 14. Cathaoirleach/Méara

Toghann údaráis áitiúla nó comhaltaí ceantair bhardasaigh (tar éis toghcháin áitiúla 2019 sa chás deireanach), ag gach cruinniú bliantúil, comhalta chuig oifig an Chathaoirligh (a gcuirtear síos air mar Mhéara nó Ard-Mhéara i roinnt cásanna) ar an údarás nó ar na comhaltaí ceantair bhardasaigh. Bíonn an Cathaoirleach sa chathaoir ag gach cruinniú de chuid na comhairle nó na gcomhaltaí ceantair bhardasaigh.

## 15. Corrfholúntais

Líontar corrfholúntais a thagann chun cinn i gcomhaltas na n-údarás áitiúil tofa le comhthoghadh san údarás lena mbaineann. Bíonn an suíochán ag an gcomhalta comhthofa go dtí an chéad toghchán eile faoi na coinníollacha céanna mar atá ag comhairleoirí tofa.

## 16. Caiteachas & Síntiúis

Leagann an tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999, ceanglais dhlíthiúla amach maidir le glacadh le síntiúis pholaitíochta agus maidir le

caiteachas toghcháin a bhaineann le comhaltaí údaráis áitiúil, páirtithe polaitíochta, tríú páirtithe agus iarrthóirí toghcháin áitiúil.

## Caiteachas

Rinneadh athbhreithniú ar theorainneacha caiteachais, a tugadh isteach ar dtús do na toghcháin áitiúla in 2009, san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. Braitheann an teorainn ar dhaonra an cheantair toghcháin áitiúil.

| Ceantair toghcháin áitiúil | Teorainn caiteachais iarrthóra |
|---|---|
| Daonra os cionn 35,000 | €13,000 |
| Daonra idir 18,001 agus 35,000 | €11,500 |
| Daonra de 18,000 nó níos lú | €9,750 |

Meastar go huathoibríoch go bhfuil 10% dá dteorainn caiteachais á dháileadh ag iarrthóirí a ainmníonn páirtí polaitíochta ar ghníomhaire náisiúnta an pháirtí. Mar shampla, i gcás iarrthóir páirtí le teorainn de €13,000, measfar go bhfuil €1,300 dáilte go huathoibríoch lena húsáid ag an bpáirtí. Ba é €11,700 an teorainn iarbhír a bheadh acu. Is féidir an figiúr 10% a mhéadú nó a laghdú le comhaontú scríofa idir an t-iarrthóir agus gníomhaire náisiúnta.

Ní mór caiteachas toghcháin a thabhaítear i rith tréimhse roimh an toghchán a thuairisciú chuig an údarás áitiúil lena mbaineann agus ní mór go mbeadh sé faoi bhun na teorann sonraithe. Leagtar dáta thús na tréimhse caiteachais amach in ordú ón Aire roimh an toghchán agus ní mór go dtosódh sé idir 50 agus 60 lá roimh lá na vótála. Ní mór do gach iarrthóir ráiteas dá gcaiteachas a chur isteach laistigh de 90 lá ón lá vótála.

**Síntiúis**

Is é €1,000 an t-uasmhéid ar féidir le comhalta údaráis áitiúil nó iarrthóir toghcháin áitiúil glacadh leis sa bhliain féilire chéanna ón bhfoinse chéanna. Ní mór sonraí na síntiús a sháraíonn €600 a nochtadh sa ráiteas a dhéantar leis an údarás áitiúil. Ní mór d'iarrthóir nó comhalta údaráis áitiúil a fhaigheann síntiús airgeadais a sháraíonn €100 cuntas síntiús polaitíochta a oscailt agus a choimeád in institiúid airgeadais.

Tá roinnt síntiús teoranta. Tá cosc ar shíntiús a sháraíonn €100 a fháil ó fhoinse anaithnid. Tá cosc ar shíntiúis airgead tirim a sháraíonn €200 a fháil freisin. Tá rialacha sonracha ann a chlúdaíonn síntiúis chorparáideacha a sháraíonn €200 - ní mór go mbeadh an deontóir cláraithe leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus ní mór fianaise a thabhairt gur cheadaigh comhlacht corparáideach an síntiús.

## 17. Dlí Toghcháin Áitiúil

Tá an dlí a rialaíonn toghcháin áitiúla sna forálacha dlíthiúla seo a leanas, arna leasú, go príomha:

- An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíocha agus Dícháilíochtaí), 1974
- An tAcht Toghcháin, 1992
- Na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995
- An tAcht Toghcháin, 1997
- An tAcht Rialtais Áitiúil, 1998
- An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999
- An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001
- An tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014
- An tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022

Is féidir iad sin a cheannach ó Fhoilseacháin an Rialtais, Oifig na nOibreacha Poiblí, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, An Mhí, nó is féidir iad a fheiceáil ar www.irishstatutebook.ie

## 18. Bileoga Eile

Seo a leanas bileoga eile atá ar fáil sa tsraith seo ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.gov.ie/housing):

- An tSlí a dToghtar an tUachtarán
- An tSlí a dToghtar an Dáil (Teach na nIonadaithe)
- An tSlí a dToghtar an Seanad
- Parlaimint na hEorpa: An tSlí a dtoghtar FPEnna na hÉireann
- An Reifreann in Éirinn
- Clár na dToghthóirí
- Eolas do Vótálaithe faoi Míchumas

AN ROINN TITHÍOCHTA, RIALTAIS ÁITIÚIL AGUS OIDHREACHTA

Bealtaine 2023

gov.ie/housing

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland